2024/2200

6.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2200 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/996 lena mbunaítear ECCSEL ERIC

(tugadh fógra leis faoi doiciméad C(2024) 5833)

(Is iad na téacsanna Ollainnise, Béarla, Fraincise agus Iodáilise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail maidir le Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a ionchorprú sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) le Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE ([2]).

(2) Bunaíodh an tSaotharlann Eorpach um Ghabháil agus Stóráil Dé-ocsaíde Carbóin mar Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ECCSEL ERIC) le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/996 ón gCoimisiún ([3]).

(3) An 30 Márta 2023 chuir ECCSEL ERIC togra faoi bhráid an Choimisiúin chun a Reachtanna a leasú i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

(4) Roinnt leasuithe a bhaineann leis an mBeartas Sonraí, lena dtugtar ranníocaíocht agus dáileadh an bhuiséid cothrom le dáta, lena gcoigeartaítear an fhoclaíocht chun an leathnú arna iarradh ar an raon feidhme a chuimsiú, agus lena n-áirítear mioncheartúcháin ghramadaí, gan athruithe substainteacha, tháinig siad i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

(5) Éilítear formheas an Choimisiúin a fháil maidir le roinnt leasuithe lena leathnaítear raon feidhme ECCSEL ERIC chun córais fuinnimh inbhuanaithe fodhromchla ailínithe le haghaidh sochaí carbóin ghlan-nialasach a chuimsiú, agus lena dtugtar isteach mionathruithe ar an mBeartas um Meastóireacht Eolaíoch, ar an mBeartas um Rochtain d'Úsáideoirí, ar an mBeartas um Scaipeadh agus ar an mBeartas um Chearta Maoine Intleachtúla.

(6) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas, de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Reachtanna ECCSEL ERIC atá i gceangal le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/996 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 206, 8.8.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/723/oj.

([2]) Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE an 20 Márta 2015 lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2016/755] (IO L 129, 19.5.2016, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/72(2)/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/996 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2017 lena mbunaítear an tSaotharlann Eorpach um Ghabháil agus Stóráil Dé-ocsaíde Carbóin – Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ECCSEL ERIC) (IO L 149, 13.6.2017, lch. 91, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2017/996/oj).

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Ríocht na hÍsiltíre, Ríocht na hIorua agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Iliana IVANOVA
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Reachtanna ECCSEL ERIC atá i gceangal le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/996 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Bunóidh agus oibreoidh ECCSEL ERIC bonneagar taighde dáilte den chéad scoth atá le cur ar bun mar mhol lárnach a bheidh freagrach as oibriú comhordaithe roinnt saoráidí a oibreoidh faoi shainmharc comhpháirteach, is e sin ECCSEL ERIC.

a) Comhordóidh ECCSEL ERIC úsáid saoráidí taighde sa bhonneagar dáilte agus comhordóidh sé pleananna i dtaca lena n-uasghrádú agus le hinfheistíochtaí nua. Cinnteoidh ECCSEL ERIC rochtain oscailte idirnáisiúnta ar an mbonneagar. Thairis sin, tacóidh ECCSEL ERIC, de réir a acmhainní agus a inniúlachta, le húinéirí na saoráidí taighde ina n-iarrachtaí feabhas a chur ar oibríochtaí a saoráidí agus ina n-iarrachtaí iad a thabhairt cothrom le dáta agus saoráidí nua a chruthú.

b) Éascóidh ECCSEL ERIC taighde turgnamhach níos fearr ar ghabháil, úsáid agus stóráil carbóin (GÚSC) nua agus fheabhsaithe agus ar chórais fuinnimh fodhromchla inbhuanaithe ailínithe le haghaidh sochaí carbóin ghlan-nialasach, lena mbeartaítear glacadh tráchtála faoi 2020–2030 agus ina dhiaidh sin.

c) Ní le ECCSEL ERIC é féin saoráidí taighde agus ní oibríonn sé iad. Mar sin féin, féadfaidh an Comhthionól Ginearálta a chinneadh amach anseo go ndéanfaidh ECCSEL ERIC infheistíocht ina shaoráidí féin nó go reáchtálfaidh sé a shaoráidí féin. Ballstáit agus Breathnóirí nach mian leo páirt a ghlacadh i gcistiú na saoráidí sin, féadfaidh siad staonadh óna maoiniú i gcomhréir le hAirteagal 9(2)(a).

d) Déanfaidh ECCSEL ERIC scaipeadh oscailte torthaí taighde agus sonraí a tháirgtear trína ghníomhaíochtaí a chur chun cinn. Cothóidh ECCSEL ERIC an sainmhíniú ar chaighdeáin choiteanna ghaolmhara agus ar mhodhanna gaolmhara chun feabhas a chur ar idir-inoibritheacht.

e) Aon ghníomhaíocht ghaolmhar eile is gá chun a aidhm a bhaint amach.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh ECCSEL ERIC na saoráidí is gá chun taighde a dhéanamh i réimsí tosaíochta a chur ar fáil don phobal taighde idirnáisiúnta. Tríd an méid sin a dhéanamh, rannchuideoidh ECCSEL ERIC leis an bhforbairt theicneolaíoch ar thús cadhnaíochta a bhrú thar an úrscothacht atá ann faoi láthair, agus ar an gcaoi sin cuirfidh sé dlús le tráchtálú agus cur in úsáid GÚSC agus na gcóras fuinnimh fodhromchla inbhuanaithe ailínithe. Sa ghnóthas sin, tabharfaidh ECCSEL ERIC aghaidh ar ghníomhaíochtaí taighde ardleibhéil i measc eolaithe laistigh de na réimsí sin agus de réir thosaíochtaí ECCSEL ERIC agus cothóidh sé na gníomhaíochtaí sin. Bunóidh ECCSEL ERIC fardal fíor-ardfhorbartha de shaoráidí taighde uathúla agus tabharfaidh sé rochtain ar na hacmhainní sin do phobail úsáideoirí Eorpacha (go príomha), agus do phobail úsáideoirí neamh-Eorpacha.'

(c) leasaítear mír 4 mar a leanas:

'4. Gan dochar d'Airteagal 2(3), féadfaidh ECCSEL ERIC gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint acu le príomhchúraimí ECCSEL ERIC agus nach gcuireann siad baint amach na bpríomhchúraimí sin i mbaol.'

(2) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. An Bord Comhairleach Eolaíoch agus an Beartas um Meastóireacht Eolaíoch'

a) Ceapfaidh an Comhthionól Ginearálta Bord Comhairleach Eolaíoch neamhspleách ina mbeidh suas le seisear eolaithe oirirce neamhspleácha a bhfuil an taithí acu. Beidh ceapadh chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch bunaithe ar mholtaí ón Stiúrthóir, a lorgóidh comhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch agus ón gCoiste Comhordúcháin um Bonneagar Taighde. Is é 3 bliana atá i dtéarma oifige Chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch. Is féidir athcheapadh uair amháin. Ní féidir Toscairí an Chomhthionóil Ghinearálta a cheapadh sa Bhord sin.

b) Rachaidh an Stiúrthóir i gcomhairle leis an mBord Comhairleach Eolaíoch uair sa bhliain ar a laghad maidir le cáilíocht eolaíoch na seirbhísí a thairgeann ECCSEL ERIC agus le beartais, nósanna imeachta agus pleananna eolaíocha na heagraíochta don todhchaí.

c) Cuirfidh an Bord Comhairleach Eolaíoch tuarascáil faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta gach bliain, tríd an Stiúrthóir, maidir lena ghníomhaíochtaí. Cuirfidh an Stiúrthóir an tuarascáil faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta in éineacht le barúlacha an Stiúrthóra agus moltaí féideartha.'

(3) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Beidh díolúintí cánach bunaithe ar Ghníomh na hIorua maidir le cáin bhreisluacha an 19 Meitheamh 2009 Uimh. 58, § 10–3, teoranta don cháin bhreisluacha le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí sin atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag ECCSEL ERIC agus a dhéanann ECCSEL ERIC nó Ballstáit ECCSEL a íoc agus a sholáthar ina n-iomláine. Beidh feidhm ag na díolúintí cánach maidir le gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha. Ní bheidh feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Ní bheidh feidhm ag aon teorainn bhreise.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Má chuirtear de chúram ar Bhallstát ECCSEL ERIC óstáil a dhéanamh ar Oifig ECCSEL ERIC atá aitheanta ag an mBallstát sin de ECCSEL ERIC mar chomhlacht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagail 143(1)(g) agus 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus mar eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 11(1)(b) de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, tairbheoidh an Oifig ECCSEL ERIC sin, maidir le hearraí agus seirbhísí a fhaightear laistigh den Aontas dá riachtanais féin nó chun na cúraimí a shann ECCSEL ERIC dó a bhaint amach, de dhíolúintí cánach bunaithe ar Airteagail 143(1)(g) agus 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE, i gcás ceannacháin a sháraíonn luach EUR 300, agus a dhéanann ECCSEL ERIC nó Ballstáit ECCSEL ERIC a íoc agus a sholáthar ina n-iomláine. Beidh feidhm ag na díolúintí cánach maidir le gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha. Ní bheidh feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Ní bheidh feidhm ag aon teorainn bhreise.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17(2):

'2. Beidh conarthaí fostaíochta faoi réir dhlíthe agus rialacháin infheidhme na tíre ina bhfuil an ball foirne fostaithe nó faoi réir dhlíthe na tíre ina ndéantar gníomhaíochtaí ECCSEL ERIC. Foilseofar folúntais ECCSEL ERIC go hidirnáisiúnta ar bhealach iomchuí.'

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

'*Airteagal 18*

Beartas um Rochtain d'Úsáideoirí

1. Tairgfear don phobal taighde idirnáisiúnta cuid shuntasach den am taighde a bheidh ar fáil do gach saoráid náisiúnta atá rannpháirteach i mbonneagar ECCSEL. Forchoimeádfaidh an Comhthionól Ginearálta cion den aga rochtana a bheidh ar fáil do thaighdeoirí ó stáit nach Ballstáit ECCSEL ERIC iad.

2. Déanfaidh ECCSEL ERIC agus úinéirí na saoráidí taighde comhaontuithe aonair a bhaineann le cé chomh mór agus atá an cion den am taighde atá ar fáil a chuirfear ar fáil don chomhphobal taighde idirnáisiúnta agus na coinníollacha rochtana.

3. Beidh rochtain ar shaoráidí ECCSEL ERIC oscailte do thaighdeoirí, eolaithe agus mic léinn. Tá deonú rochtana a fhaigheann tacaíocht ó ECCSEL bunaithe ar iomaíocht agus ar athbhreithniú piaraí ar iarratais tar éis nós imeachta cothrom agus trédhearcach. Is iad na príomhchritéir a bheidh ann le haghaidh an chomórtais barr feabhais eolaíoch agus tábhacht i ndáil le straitéisí ECCSEL ERIC, arna gcinneadh ag an gComhthionól Ginearálta.

4. Féadfaidh ECCSEL ERIC córas um fíordheimhniú agus údarú a bhunú lena n-áiritheofar nach ligfear isteach ach na daoine atá i dteideal rochtain a fháil ar shaoráid agus nach gceadófar úsáid ach do na daoine sin. Féadfaidh ECCSEL ERIC a chinneadh nach mór do Bhallstáit agus do Bhreathnóirí cloí le córas den sórt sin má tá rochtain le tabhairt dá dtaighdeoirí.

5. Tá Beartas um Rochtain mionsonraithe is infheidhme maidir le húsáideoirí, arna fhormheas ag an gComhthionól Ginearálta, le cur ar fáil go poiblí.'

(6) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh rochtain oscailte ar thorthaí agus sonraí taighde ECCSEL ERIC i gcomhréir le beartais um scaipeadh agus sonraí arna nglacadh ag an gComhthionól Ginearálta. Cuirfear torthaí agus sonraí taighde oscailte ar fáil do pháirtithe leasmhara gan aon chostas eile a íoc seachas na costais a bhaineann leis an scaipeadh. Chun críoch na forála seo, ciallóidh ‘torthaí agus sonraí taighde ECCSEL ERIC’ torthaí agus sonraí taighde i réimse GÚSC agus na gcóras fuinnimh fodhromchla inbhuanaithe ailínithe a ghineann úinéirí na saoráidí atá rannpháirteach i mbonneagar ECCSEL ERIC.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Spreagfaidh ECCSEL ERIC úsáideoirí thorthaí taighde ECCSEL ERIC go ginearálta chun a dtorthaí taighde féin a chur ar fáil go poiblí agus iarrfaidh sé ar úsáideoirí poiblíocht oiriúnach a dhéanamh faoin rochtain a thugtar dóibh laistigh de ECCSEL ERIC.’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Úsáidfidh ECCSEL ERIC raon modhanna chun dul i bhfeidhm ar spriocphobail.’

(d) cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

‘6. Tabharfar tuairisc sa bheartas um scaipeadh ar na spriocghrúpaí éagsúla, agus úsáidfear raon modhanna chun dul i bhfeidhm ar spriocghrúpaí éagsúla. Sna foilseacháin uile ina bpléitear le torthaí agus le heolas a ghintear le comhar ECCSEL nó laistigh de, tabharfar aitheantas cuí do ECCSEL ERIC.’

(7) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir le ceisteanna a bhaineann le Maoin Intleachtúil, déanfar an caidreamh idir na Ballstáit a rialú le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, chomh maith le rialacha agus rialacháin idirnáisiúnta ábhartha.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maoin intleachtúil a sholáthraíonn Ballstáit do ECCSEL ERIC, fanfaidh sí ina maoin de chuid shealbhóir bunaidh na Maoine Intleachtúla. Má thionscnaíonn maoin den sórt sin ó obair arna maoiniú ag ECCSEL ERIC (ranníocaíocht dhíreach nó chomhchineáil), is le ECCSEL ERIC a bheidh an mhaoin intleachtúil, mura gcomhaontaítear gur leis an mBallstát a chruthaigh an mhaoin í. Ní mheasfar gur obair arna maoiniú ag ECCSEL ERIC chun críoch Maoine Intleachtúla é luach eacnamaíoch féideartha na rochtana os cionn na táille a íocadh.’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Soláthróidh ECCSEL ERIC treoraíocht do thaighdeoirí chun a áirithiú go mbeidh taighde a dhéanfar trí úsáid a bhaint as ábhar a chuirtear ar fáil trí ECCSEL ERIC laistigh de chreat lena n-aithnítear cearta úinéirí.’

(8) Athuimhrítear Airteagail 21 go 26 mar Airteagail 22 go 27.